



An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2017
(OR. en)

9994/17

TRANS 252

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	8666/1/17 REV 1 TRANS 158
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre - lena bhformhuinítear Dearbhú Vaileite, mí an Mhárta 2017 – Conclúidí ón gComhairle (8 Meitheamh 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis "an tsábháilteacht ar bhóithre, lena bhformhuinítear Dearbhú Vaileite (Vaileite, 28 - 29 Márta 2017),” a ghlac an Chomhairle ag an 3545ú cruinniú a bhí aici ar an 8 Meitheamh 2017.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre
- lena bhformhuinítear Dearbhú Vaileite, mí an Mhárta 2017 -

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

1. AG BREITHNIÚ ar an obair leanúnach ar tugadh fúithi trí bheartais éagsúla chun feabhas breise a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre;
2. AG TABHAIRT DÁ hAIRE foilsíú staidrimh an Choimisiúin maidir le básanna mar thoradh ar thionóisc bhóthair san Aontas le linn na bliana 2016;¹
3. AG FÁILTÍÚ roimh an gcomhdháil aireachta ar an tsábháilteacht ar bhóithre a d’eagraigh Uachtaránacht Mhálta i Vaileite ar an 29 Márta 2017;
4. FORMHUINÍONN SÍ an méid atá i ndearbhú Vaileite maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo é;
5. IARRANN SÍ ar na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí agus dá gcomhar maidir le cur chun feidhme na ngealltanais a tugadh sa dearbhú sin;
6. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a bheith páirteach sna hiarrachtaí sin agus an dearbhú a chur san áireamh agus an chéad straitéis eile de chuid an Aontais maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre á hullmhú aige.

¹ Preaseisiúint ón gCoimisiún Eorpach IP/17/674 an 28 Márta 2017.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

1. Athdheimhníonn airí iompair Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a ngealltanais chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre, ag cruinniú faoi Uachtaránacht Mhálta ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh i Vaileite ar an 29 Márta 2017. Is mórfhadhb sa tsochaí é líon síor-ard na mbásanna (26 100 bás san Aontas le linn na bliana 2015) agus na ngortuithe tromchúiseacha a bhíonn mar thoradh ar thionóiscí bóthair, lena dtagann fulaingt dhaonna agus costais eacnamaíocha do-ghlactha, a mheastar a bheith thart ar EUR 50 billiún in aghaidh na bliana i dtaca leis na básanna amháin², agus níos mó ná EUR 100 billiún nuair a chuirtear gach tionóisc thromchúiseach bhóthair san áireamh.³
2. Tá treocht sheasta a bhfuil gealladh fúithi i dtreo na sprice comhchoitinne maidir le líon na mbásanna a laghdú faoina leath idir 2010 agus 2020, sprioc a d' fhorhnuigh an Chomhairle i 2010,⁴ ach tá rátaí laghdaithe na mbásanna tar éis a mbuaic a bhaint amach le blianta beaga anuas. Is cúis imní ar leith é líon na gcoisithe agus na rothaithe a ghortaítear go dona agus a mharaítear. Tá an sprioc thar a bheith dúshlánach anois dá bhrí sin agus, mura ndéanfar a thuilleadh iarrachtaí, is féidir nach mbainfear amach í.
3. Níor cheart an obair maidir le feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre a mheas trí líon na mbásanna ar bhóithre amháin a chomhaireamh; ní lú an díol imní líon na ngortuithe dona mar tá sé cúig huaire níos airde ná líon na mbásanna ar bhóithre.² Ba cheart díriú ar sprioc fhoriomlán uailmhianach, de mheon an rúin ó Chomhthionól na Náisiún Aontaithe maidir le feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre go domhanda⁵, chun dlús a chur leis na bearta laghdaithe is iomchuí. Is gá sonraí iontaofa inchomparáide, a thuairiscítear ar bhonn comhshainiú, a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar a leithéid de sprioc. Caithfear anailís ghrinn a dhéanamh ar na sonraí in obair chomhoibritheach idir na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach ionas gur féidir bearta breise, más bearta stóinseacha iad, a dhéanamh chun laghdú a dhéanamh ar líon na ngortuithe den chineál sin sna deich mbliana amach romhainn.

² An Coimisiún Eorpach, staidéar ar an tsábháilteacht ar bhóithre le haghaidh na meastóireachta eatramhaí ar na Treoirínte Beartais maidir leis an tsábháilteacht ar Bhóithre 2011-2020, 2015, lch. 19.

³ Preaseisiúint ón gCoimisiún Eorpach IP/16/863 an 31 Márta 2016.

⁴ Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre, 2 Nollaig 2010, mír 21, ST 16951/10.

⁵ Rún A/70/260 Aibreán 2016.

4. Tá éagsúlachtaí forleathana ann maidir le cúrsaí sábháilteachta ar bhóithre ar fud na mBallstát. Ba cheart iarracht ar leith a dhéanamh sna cásanna sin ina mbeadh caighdeán na sábháilteachta ar bhóithre faoin meán san Aontas Eorpach, agus ba cheart tacú léi leis an dlúthchomhar agus leis an malartú eolais idir na Ballstáit.
5. Tá na cúiseanna seo a leanas fós ar na príomhchúiseanna a bhíonn le himbhuailtí tráchta ar bhóithre: an róluas, an tiomáint faoi thionchar alcóil nó drugaí, agus seachrán nó tuirse a bheith ar dhuine agus é nó í ag tiomáint. I gcásanna nach mbaintear úsáid as trealamh cosanta, cuirtear le déine na ngortuithe. Ba cheart, mar sin, aird ar leith a thabhairt ar iompar na n-úsáideoirí bóithre a fheabhsú.
6. Tá réimse leathan ionstraimí ann cheana féin a bhfuil baint ar leith acu le feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na rialacha tráchta sna Ballstáit agus trasna teorainneacha, le múscailt feasachta agus le hoideachas na n-úsáideoirí bóithre, chomh maith le feabhas ar an mbonneagar agus ar an tsábháilteacht feithiclí a chuireann aois agus ródacmhainneacht na bhfeithiclí san áireamh. Ba cheart na hionstraimí sin a chur i bhfeidhm gan mhoill.
7. Ag tógáil ar phrionsabal na coimhdeachta, is freagracht chomhroinnte í an tsábháilteacht ar bhóithre, ar gá gníomhaíocht nithiúil chomhpháirteach ó institiúidí an Aontais, ó na Ballstáit, ó na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, ón tionsclaíocht agus ón tsochaí shibhialta ina leith.
8. Gabhfaidh na Ballstáit orthu féin go ndéanfaidh siad an méid seo a leanas:
 - a) leanfaidh siad leis na bearta riachtanacha agus neartóidh siad iad chun líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú faoina leath san Aontas Eorpach roimh 2020 ón mbunlíne in 2010;
 - b) cuirfidh siad leis an gcomhar idir na Ballstáit, na húdaráis ábhartha san áireamh, agus leis an gcomhar leis an tsochaí shibhialta, le hinstitiúidí taighde agus leis an earnáil phríobháideach, go háirithe maidir le pleananna agus straitéisí a leanann cur chuige bunaithe ar riosca nó cur chuige comhtháite (amhail an cur chuige ar a dtugtar an ‘Córas Sábháilte’);
 - c) cuirfidh siad an rothaíocht⁶ agus an choisíocht san áireamh maidir le pleananna soghluaisteachta, le beartais agus le bearta na sábháilteachta, agus nuair is féidir, féachfaidh siad le bonneagar tiomnaithe a chur san áireamh;

⁶ Tugtar aghaidh ar an mbeartas maidir leis an rothaíocht go sonrach in Ráiteas Lucsamburg ar an rothaíocht mar mhodh iompair nach bhfuil díobhálach don aeráid, Deireadh Fómhair 2015.

- d) cuirfidh siad feabhas ar shábháilteacht na n-úsáideoirí bóithre trí bhonneagar bóithre níos sábháilte a fhorbairt, ag cur san áireamh gur féidir prionsabail maidir le bainistíocht sábháilteachta an bhonneagair a chur i bhfeidhm ar bhóithre nach bóithre de chuid an ghréasáin tras-eorpaigh iompair (TEN-T) iad;
- e) mar chuid den phleanáil maidir leis an tsoghluaisteacht uirbeach, pléifidh siad le geallsealbhóirí ábhartha an féidir teorainneacha laghdaithe luaís, amhail 30 km/u, a leathnú agus a chomhtháthú i limistéir ardriosca, go háirithe i limistéir ina mbíonn daoine ag obair, ag rothaíocht agus ag súgradh;
- f) cinnteoidh siad go mbainfear úsáid éifeachtach as an gcóras eCall agus go laghdófar agáí tarrthála;
- g) cuirfidh siad chun tosaigh grinnfhiosrúcháin a bhaineann úsáid as samplaí ábhartha d'imbhuailtí/tionóiscí tromchúiseacha agus ina ndéantar anailís ar na sonraí chun réimsí tosaíochta le haghaidh idirghabhála a shainaithint;
- h) leanfaidh siad ar aghaidh, i gcomhthráth lena n-iarrachtaí chun sprioc laghdaithe básanna 2020 a bhaint amach, leis an obair chun: (i) líon na ngortuithe tromchúiseacha in imbhuailtí tráchta ar bhóithre a laghdú, agus (ii) sonraí iontaofa inchomparáide a thuairisciú agus úsáid á baint as comhshainiú atá bunaithe ar an scála tráma, MAIS⁷3+ faoi 2018;
- i) beidh sé mar sprioc acu go laghdófar faoina leath líon na ngortuithe tromchúiseacha san Aontas Eorpach faoi 2030 ó bhunlíne 2020, an comhshainiú seo á úsáid agus faoi chuimsiú straitéis fhoriomlán maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre don tréimhse ama seo;
- j) leanfaidh siad le bearta a fhorbairt chun cúram i ndiaidh imbhuailtí a áirithiú, chun íospartaigh na dtionóiscí tráchta ar bhóithre a athshlánú agus a athimeascadh sa tsochaí go luath, i gcomhar le geallsealbhóirí ábhartha sa bheartas poiblí, go háirithe ionadaithe thar cheann íospartaigh na dtionóiscí tráchta ar bhóithre;

⁷ *Maximum Abbreviated Injury Scale* (scála gortuithe giorraithe uasta), innéacs a dtéann a raon ó 1 go 6.

- k) déanfaidh siad rialacha na sábháilteachta ar bhóithre a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus tabharfaidh siad tacaíocht do chomhlachtaí a fhorfheidhmíonn dlí na mbóithre, trí bhealaí lena n-áirítear an comhar agus malartú na gcleachtas is fearr, go háirithe maidir leis an róluas, an tiomáint faoi thionchar alcóil nó drugaí, an loiceadh géilleadh do shoilse tráchta agus do chomharthaí tráchta, seachrán a bheith ar dhuine agus é nó í ag tiomáint, e.g. trí úsáid a bhaint as gléasanna soghluaiste, agus gan úsáid a bhaint as trealamh cosanta. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar uirlisí coisctheacha amhail córas comhghlasála i gcás meisce, agus ar chórais eile tacaíochta teicniúla;
- l) leanfaidh siad leis an obair i gcomhlachtaí idirnáisiúnta sábháilteachta ar bhóithre⁸ chun dlús a chur le feabhsuithe sa tsábháilteacht ar bhóithre trí mhodhanna teicniúla agus neamhtheicniúla san Eoraip agus níos faide i gcéin;
- m) áiritheoidh siad leibhéil leordhóthanacha maoinithe a bheith ann amach anseo do bheartais, do chláir agus don taighde maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre, i gcomhréir (i) leis na cuspóirí a leagtar amach sna straitéisí náisiúnta agus (ii) leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ag na Ballstáit;
- n) cuirfidh siad féin, mar aon leis an gCoimisiún Eorpach, cultúr na sábháilteachta ar bhóithre chun cinn ar fud na hEorpa bunaithe ar chomhluachanna agus cuirfidh siad feabhas ar iompar na n-úsáideoirí bóithre le hoideachas agus le hoiliúint atá leanúnach éifeachtach agus atá dírithe ar ghrúpaí éagsúla, ag cur san áireamh na riachtanais shonracha a bhíonn ag úsáideoirí soghonta bóithre⁹ chomh maith le tiománaithe gairmiúla;
- o) tabharfaidh siad tacaíocht d'úsáid feithiclí nasctha agus feithiclí uathoibríocha atá comhoiriúnach, comh-inoibritheach agus a bhfuil sochair chruthaithe sábháilteachta acu, mar a luadh i nDearbhú Amstardam¹⁰ agus i straitéis an Choimisiúin maidir le córais chliste chomhoibríocha iompair.¹¹

⁸ Amhail meithleacha de chuid Choimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe don Eoraip (an Mheitheal um Shábháilteacht Tráchta ar Bhóithre (WP.1), an Fóram Domhanda um Rialacháin d'Fheithiclí a Chomhchuihbhiú (WP.29), an Mheitheal um Iompar Earraí Contúirteacha (WP.15)).

⁹ Le 'húsáideoirí soghonta bóithre' áirítear úsáideoirí bóithre gan inneall, amhail coisithe agus rothaithe, chomh maith le gluaisrothaithe agus daoine atá faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil laghdú ar a soghluaisteacht agus ar a gcumas treoshuímh.

¹⁰ Dearbhú Amstardam maidir le comhar i réimse na tiomána nasctha agus uathoibríche, Aibreán 2016.

¹¹ 15203/16 (COM (2016) 766 final, Samhain 2016).

9. Iarrann na Ballstáit ar an gCoimisiún an méid seo a dhéanamh:

- a) cur le cosaint na n-úsáideoirí bóithre, agus go háirithe le cosaint na n-úsáideoirí soghonta bóithre, trína áirithiú go mbaintear úsáid as gnéithe nua sábháilteachta d'fheithiclí, mar shampla trí dhlús a chur leis an athbhreithniú ar rialacha cinéalcheadaithe sa Rialachán maidir leis an tsábháilteacht ghinearálta mar a leagtar amach sa tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an Chomhairle dar teideal 'Beatha a Shábháil: Feabhas a chur ar Shábháilteacht na gCarranna san Aontas Eorpach';¹²
- b) creat nua beartais a ullmhú maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre do na deich mbliana tar éis 2020, lena n-áirítear measúnú ar fheidhmíocht na sábháilteachta ar bhóithre ina gcuirtear na spriocanna agus na cuspóirí a leagtar amach sa dearbhú seo san áireamh;
- c) amharc an féidir creat dlíthiúil an Aontais maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre a neartú, le fócas ar leith ar chomhar na mBallstát maidir le haitheantas frithpháirteach dhícháiliúcháin tiomána na dtiománaithe neamhchónaitheacha, gan dochar don bhunús ná do na bunúis dlí is iomchuí lena leithéid de thograí;
- d) obair leis na geallsealbhóirí uile chun tionscnaimh agus tionscadail a bhunú a thugann cosaint d'úsáideoirí soghonta bóithre agus chun an malartú eolais agus malartú na ndea-chleachtas idir na Ballstáit a éascú maidir leis an imscrúdú ar thionóiscí bóthair mar aon le straitéisí agus feachtais na sábháilteachta ar bhóithre;
- e) amharc ar acmhainneacht na dteicneolaíochtaí tiomána uathoibrithe agus nasctha, agus ar úsáid na sonraí atá ar fáil cheana féin i bhfeithiclí agus i mbonneagar, chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre agus ag an am céanna slándáil sonraí a áirithiú;
- f) áirithiú go ndéantar na hacmhainní is gá a leithdháileadh i leith an taighde, na gclár agus na dtionscadal a chuireann an tsábháilteacht ar bhóithre chun cinn san Eoraip;
- g) comhoibriú leis na Ballstáit agus le príomhgheallsealbhóirí eile chun cultúr tras-Eorpach a fhorbairt maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre.

¹² 15705/16 (COM (2016) 787 final, Nollaig 2016).

10. Iarrann na Ballstáit ar earnáil na tionsclaíochta, i gcomhar leis an tsochaí shibhialta san earnáil:
- a) córais chliste chomhoibritheacha iompair a fhorbairt, ag áirithiú go bhfuil na córais agus na seirbhísí nua comhoiriúnach, slán agus idir-inoibritheach ar an leibhéal Eorpach;
 - b) teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a chur chun cinn, go háirithe feidhmeanna na tiomána uathoibríche agus na córais chúnamh tiománaí sin a laghdaíonn an tionchar ó earráid agus seachrán an duine, amhail cúnamh cliste luais nó coscánú éigeandála uathrialach, a thugann cosaint d'úsáideoirí soghonta bóithre ach go háirithe;
 - c) acmhainneacht na sábháilteachta ar bhóithre a bhaineann le feithiclí uathoibrithe nasctha comhoibríocha a chur chun cinn.
11. Tarraingíonn na hairí iompair aird ar a thábhachtaí atá an obair leanúnach agus an comhar maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre, agus tugann siad dá n-aire an méid a rinne agus na gealltanais a thug na geallsealbhóirí roimh agus le linn Chomhdháil Vaileite.
-